An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Lámhleabhar Eolais

## Na Cearta agus na Réitigh atá ar Fáil d'Fhostaithe a bhfuil Cás Iomarcaíochta Comhchoitinne i nDán Dóibh

Nollaig 2021

## Clár Ábhar


**1. Réamhrá ........................................................................................ 3**

**2. Iomarcaíochtaí Comhchoiteanna ..................................................... 5**

Cad é iomarcaíocht chomhchoiteann? 5

Cén cearta atá agam mar fhostaí i gcás iomarcaíocht chomhchoiteann 5

Iomarcaíocht Reachtúil 7

Comhaontuithe Comhchoiteanna 8

**3. Leachtú Cuideachta ........................................................................ 10**

Cad é Ról an Leachtaitheora go díreach? 11

Cén Cearta atá agam mar Fhostaí i gcás Iomarcaíocht Chomhchoiteann? 13

*Stádas Creidiúnaí Fhabhraigh* ........................................................ 13

*Iomarcaíocht Reachtúil* ................................................................... 14

*An Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta* ......................................... 15

*An Ceart chun Eolas a fháil i gcás Leachtú* ..................................... 16

*Cumhachtaí chun Idirghabháil a dhéanamh i Leachtú* ....................... 16

**4. Achoimre ......................................................................................... 19**

## 1. Réamhrá

Cuirtear cosaintí ar fáil i gcreat dlíthiúil na hÉireann d'fhostaithe i gcásanna iomarcaíochta. Tagraíonn iomarcaíocht do chás ina gcuirtear deireadh le post fostaí agus nuair nach bhfostaítear fostaí eile ina (h)ionad. Mar shampla, d'fhéadfadh iomarcaíocht teacht aníos nuair atá conradh fostaíochta fostaí ag druidim chun deiridh, nuair atá an gnólacht á athstruchtúrú ag a f(h)ostóir, nó mar gheall go bhfuil an gnólacht dócmhainneach agus nach gceadaítear dó trádáil a thuilleadh.

Tá mar chuspóir ag an lámhleabhar seo a chinntiú go bhfuil fostaithe ar an eolas ar na cosaintí atá ar fáil d'fhostaithe a bhfuil deireadh ag teacht lena dtéarma fostaíochta mar gheall nach bhfuil a bpost ar fáil a thuilleadh agus nach mbeidh sé á athsholáthar. Tugadh na píosaí eolais is ábhartha le chéile lena chinntiú go mbíonn cur amach iomlán ag fostaithe a gcearta agus gur féidir leo gníomhú dá réir.

Cé gurb é is cuspóir an lámhleabhair eolais seo comhairle ghinearálta a thabhairt maidir le cearta dlíthiúla fostaí i gcás iomarcaíochta, tá díriú ar leith ar chearta na bhfostaithe siúd a bhfuil iomarcaíocht chomhchoiteann i ndán dóibh. Ar leith uaidh sin, cuirtear eolas ar fáil freisin d'fhostaithe nach bhfuil a bpoist ar fáil a thuilleadh mar gheall nach féidir leis an ngnólacht a fhiachais a íoc, is é sin, go bhfuil sé dócmhainneach. Tá sé an-tábhachtach go dtuigeann fostaithe, cé go mbeidh deireadh ag teacht lena gconradh fostaíochta mar thoradh ar an dá chás, go bhfuil difríocht ó thaobh cúrsaí dlí idir iomarcaíocht chomhchoiteann a thagann chun solais i gcásanna ina bhfuil an gnólacht dócmhainneach agus an cás sin ina dtagann iomarcaíocht aníos mar gheall go bhfuil an chuideachta/fostóir dócmhainneach.

Tugtar mínithe praiticiúla sna míreanna seo thíos ar chearta fostaíochta ábhartha a chuimsítear sa reachtaíocht iomarcaíochta agus dócmhainneachta. Tá idirghabháil agus réitigh ar leith ann freisin sna creataí dlí cuideachtaí agus luaitear iad seo i liosta ag deireadh an lámhleabhair seo. Is faoi na Cúirteanna a bhíonn sé breithniú a dhéanamh ar na réitigh dhlí cuideachtaí seo.

Tabhair faoi deara, le do thoil sin, cé go mbeartaítear go gcuireann an lámhleabhar seo treoir ghinearálta bunaithe ar dhlí na hÉireann d'fhostaithe i gcás iomarcaíocht chomhchoiteann, níl comhairle dlí ann agus níor cheart brath air mar cháipéis a úsáidtear in ionad sainchomhairle dlí a bhaineann le cúinsí ar leith.

## 2. Iomarcaíochtaí Comhchoiteanna

Tagann cásanna iomarcaíochta comhchoitinne aníos i ngnáthchúrsa na beatha oibre agus gnó. Tagann iomarcaíocht aníos nuair a chailleann tú do phost mar gheall ar chúinsí cosúil le dúnadh an ghnólachta nó laghdú ar an líon foirne. Tarlaíonn iomarcaíocht nuair nach dteastaíonn post fostaí a thuilleadh ón bhfostóir agus nuair nach bhfostaítear fostaí eile ina (h)ionad.

### Cad é iomarcaíocht chomhchoiteann?

Cásanna iad iomarcaíochtaí comhchoiteanna ina mbíonn an líon seo a leanas fostaithe thíos le hiomarcaíocht i rith aon tréimhse 30 lá i ndiaidh a chéile lá:

- 5 fhostaí nó níos mó, nuair a bhíonn 21-49 fostaí fostaithe de ghnáth i mbunaíocht,
- 10 bhfostaí nó níos mó, nuair a bhíonn 50-99 fostaí fostaithe de ghnáth i mbunaíocht,
- 10% nó níos mó de na fostaithe, nuair a bhíonn 100-299 fostaí fostaithe i mbunaíocht,
- 30 fostaí nó níos mó, nuair a bhíonn 300 fostaí nó níos mó fostaithe i mbunaíocht.

### Cén cearta atá agam mar fhostaí i gcás iomarcaíocht chomhchoiteann?

Caithfidh fostóir a bheartaíonn iomarcaíochtaí comhchoiteanna a chruthú roinnt rudaí a dhéanamh chun an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 a chomhlíonadh.

Ar an gcéad dul síos, caithfidh an fostóir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a chur ar an eolas ar an iomarcaíocht chomhchoiteann a bheartaítear a luaithe agus is féidir agus ar a laghad 30 lá sula mbeidh éifeacht leis an gcéad dífhostú, i gcás ar bith.

Caithfidh fostóirí tús a chur le comhairliúcháin freisin le hionadaithe fostaithe. Sonraítear sa reachtaíocht roinnt coinníollacha nach mór do na comhairliúcháin seo a shásamh.

Caithfidh comhairliúcháin titim amach ar a laghad 30 lá sula bhfógraítear an chéad dífhostú agus ceanglaítear sa dlí ar fhostóirí tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin 'ag féachaint le' comhaontú a bhaint amach.

Caithfidh an fostóir an t-eolas ábhartha go léir a sholáthar d'ionadaithe a bhaineann leis na hiomarcaíochtaí a bheartaítear. I measc an eolais ábhartha a cheanglaítear faoin dlí, tá:

- Na cúiseanna atá leis na hiomarcaíochtaí a bheartaítear,
- Líon, agus cur síos ar nó catagóirí, fostaithe a bheartaítear a dhéanamh iomarcach,
- Líon na bhfostaithe, agus cur síos ar nó catagóirí, a fhostaítear de ghnáth,
- An tréimhse ina mbeartaítear go dtitfidh na hiomarcaíochtaí amach,
- Na critéir a bheartaítear maidir le roghnú na n-oibrithe a dhéanfar iomarcach, agus
- An modh a ríomhtar aon íocaíochtaí iomarcaíochta sa bhreis ar na modhanna siúd a leagtar amach san Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta.

Beidh fostóir a dteipeann air/uirthi tús a chur le comhairliúcháin, faoi mar a ndéantar cur síos thuas air, ciontach i gcion agus beidh sé/sí faoi dhliteanas ar ciontú achomair fíneáil a íoc nach mó ná €5,000.

Féadtar gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre má bhraitheann tú gur theip ar d'fhostóir comhairliúcháin a chur ar siúl faoi mar a dtugtar cuntas air thuas.

Is féidir teacht ar eolas breise ar conas gearán a dhéanamh ar láithreán gréasáin an CCÁO agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo freisin ar an nguthán trí ghlaoch ar (059) 9178800 nó trí ghlaoch ar Ghlao Áitiúil 0818 808090.

## Iomarcaíocht Reachtúil

Má tá tú á dhéanamh iomarcach ag d'fhostóir, bronntar roinnt cosaintí, mar fhostaí, ort san Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 ar cheart duit a bheith ar an eolas orthu.

Tá gach fostaí incháilithe atá á dhéanamh iomarcach i dteideal cnapshuim iomarcaíochta reachtúil a fháil. Le bheith i d'fhostaí incháilithe, caithfidh tú na coinníollacha seo a leanas go léir a shásamh:

- Caithfidh go raibh tú fostaithe ar feadh 104 seachtain leis an bhfostóir céanna;
- Caithfidh d'fhostóir a bheith go hiomlán faoi árachas faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh;
- Caithfidh tú a bheith níos sine ná 16 bliana d'aois; agus
- Caithfidh nach bhfuil do phost ann a thuilleadh.

Más fostaí incháilithe thú, tá tú i dteideal íocaíocht iomarcaíochta íosta a fháil atá comhionann le pá 2 sheachtain do gach bliain seirbhíse móide 1 seachtain bhreise bhónais, faoi réir méid uasta €600 sa tseachtain.

I gcomhréir leis an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, caithfidh an fostóir íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla a íoc le gach fostaí incháilithe.

Déanann an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta soláthar d'íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí le fostaí nuair nach féidir le fostóir íocaíocht iomarcaíochta a dhéanamh. Mura féidir le d'fhostóir d'íocaíocht iomarcaíochta reachtúil a íoc, is féidir leis an bhfostóir iarratas a sheoladh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí tríd an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta. Is féidir leis an Stát, tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí, do theidlíochtaí iomarcaíochta a íoc ón gCiste Árachais Shóisialaigh.

Tá eolas breise ar an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta ar fáil ar an láithreán gréasáin Gov.ie.

Má chuireann fostóir ina aghaidh go bhfuil cás iomarcaíochta ann nó má dhiúltaíonn siad iomarcaíocht reachtúil a íoc, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO).Is féidir teacht ar eolas breise ar conas gearán a dhéanamh ar láithreán gréasáin an CCÁO agus is féidir teagmháil a dhéanamh leo freisin ar an nguthán trí ghlaoch ar (059) 9178800 nó trí ghlaoch ar Ghlao Áitiúil 0818 808090.

## Comhaontuithe Comhchoiteanna

Déanann fostóir agus fostaí ionadaíoch comhaontuithe comhchoiteanna nó déantar thar a gceann iad a rialaíonn pá agus coinníollacha eile fostaíochta. Ceist iad comhaontuithe comhchoiteanna a bhfuil ar na páirtithe a chomhaontaigh go comhchoiteann le téarmaí an chomhaontaithe plé leo. D'fhéadfadh sonraí a bheith i roinnt comhaontuithe comhchoiteanna faoi na híocaíochtaí iomarcaíochta lena gcomhaontaíonn fostóir a íoc le fostaithe i gcás iomarcaíochta.

Is tábhachtach a thuiscint gurb é an rud is lú a bhíonn oibleagáid ar an bhfostóir a íoc le fostaithe incháilithe faoin dlí an méid reachtúil a dtugtar cuntas air thuas sa mhír dheireanach. Má rinne fostóir gealltanas deonach faoi chomhaontú comhchoiteann níos mó ná teidlíocht iomarcaíochta reachtúla a íoc atá aon fhostaí incháilithe ráthaithe a fháil faoin dlí, is oibleagáid é seo nach bhfuil ach ar fhostóir sócmhainneach.

Mar shampla, ní chruthóidh comhaontú comhchoiteann a comhaontaíodh le gnólacht a athstruchtúrú nó a laghdú ó thaobh méide de a éascú teidlíocht atá infheidhmithe le dlí d'oibrithe i leith na dtéarmaí feabhsaithe siúd faoi chúinsí éagsúla, cosúil le cásanna ina ndéantar gnólacht dócmhainneach den ghnólacht ina dhiaidh sin. Is amhlaidh atá seo mar gheall go bhféadfadh nach bhfuil an acmhainn ag an bhfostóir íoc as an gcomhaontú breise iomarcaíochta sin mar gheall ar a gcás airgeadais reatha.

Nuair nach féidir le fostóir iomarcaíocht a íoc lena n-oibrithe, cuireann Ciste Árachais Shóisialaigh an Stáit líontán sábhála ar fáil d'fhostaithe lena chinntiú go n-íoctar a dteidlíochtaí reachtúla leo. Ní féidir leis an gCiste Árachais Shóisialaigh ach soláthar a dhéanamh d'íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla. Ní féidir é a úsáid le híocaíochtaí iomarcaíochta a fhorlíonadh nó 'a bhreisiú' le cloí le comhaontú comhchoiteann d'íocaíochtaí breise idir fostóir agus a bhfostaithe.

## 3. Leachtú Cuideachta

Tagann iomarcaíochtaí comhchoiteanna chun solais, amanna, mar gheall ar leachtú cuideachta. Próiseas é leachtú, a dtugtar foirceannadh air freisin, a gcuirtear deireadh leis an gcuideachta ag deireadh an phróisis. Is é leachtú an deireadh dlíthiúil a chuirtear le cuideachta theoranta. Sna cásanna seo, cuireann an chuideachta stop, de ghnáth, le gach gníomhaíocht, íocann sé a chuid fiachas ó aon sócmhainní a bhíonn ar fáil agus déantar an chuideachta a fhoirceannadh ar bhealach ordúil. Ceaptar leachtaitheoir le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas seo.

Is féidir leachtaitheoirí a cheapadh ag:

- na baill (úinéirí);
- creidiúnaithe; nó
- an chúirt.

Má cheapann na baill leachtaitheoir, tugtar leachtú toilteanach air. Is gnách go mbíonn cuideachta **shócmhainneach** i gceist leis an saghas seo de leachtú, is é sin, cuideachta ar féidir leis a fhiachais a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite.

Má cheapann na creidiúnaithe leachtaitheoir, tugtar leachtú toilteanach creidiúnaí air agus déanann na creidiúnaithe maoirseacht ar an leachtú mar ghrúpa. Is gnách go mbíonn cuideachta **dhócmhainneach** i gceist leis an saghas seo de leachtú, is é sin, cuideachta nach féidir leis a fhiachais a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite nó a bhfuil níos mó dliteanas ná sócmhainní aige ar a chlár comhardaithe. Tá oibleagáid ar an gcuideachta a chinntiú go gcuirtear na creidiúnaithe ar an eolas ar an gceart atá acu coiste cigireachta a chruthú agus páirt a ghlacadh ann a dhéanann ionadaíocht do leasanna creidiúnaithe uile cuideachta atá ag dul faoi leachtú. Tá post tiomnaithe d'ionadaí fostaithe ar an gcoiste cigireachta.

Má cheapann cúirt leachtaitheoir, tugtar leachtú oifigiúil (nó éigeantach) air. Sa saghas seo de leachtú, déanann an chúirt maoirseacht ar an leachtú le cabhair ó oifigeach cúirte a ceapadh go speisialta. Is féidir le creidiúnaí iarraidh ar an gcúirt leachtaitheoir a cheapadh. Tá dualgas ar an leachtaitheoir freisin a chinntiú go gcuirtear creidiúnaithe ar an eolas ar an gceart atá acu coiste cigireachta a chruthú agus páirt a ghlacadh ann a bunaíodh le maoirseacht a dhéanamh ar leachtú; tá post tiomnaithe d'ionadaí fostaithe ar an gcoiste cigireachta.

Ní féidir leis an Rialtas cur isteach ar aon phróiseas leachtaithe. Tá freagracht reachtúil ar an leachtaitheoir sócmhainní na cuideachta a réadú agus iad a dháileadh ar chreidiúnaithe i gcomhréir leis an dlí.

## Cad é Ról an Leachtaitheora go díreach?

Is é ról an leachtaitheora an chuideachta a fhoirceannadh. Is iad a bpríomhdhualgais:

- seilbh a ghlacadh ar réadmhaoin chuideachta, a taifid airgeadais san áireamh;
- na daoine a bhfuil airgead acu ar an gcuideachta agus cé mhéid atá le híoc acu a liostú;
- na daoine a liostú nach mór dóibh ranníoc le sócmhainní na cuideachta nuair a dhéantar é a fhoirceannadh agus cé mhéid atá le híoc acu a liostú;
- gnóthaí na cuideachta a imscrúdú;
- sócmhainní na cuideachta a dhíol;
- fiachais na cuideachta a íoc san ord a luaitear sa dlí;
- aon airgead atá fágtha a thabhairt do na baill ar aon dul lena dteidlíochtaí;
- aon chion coiriúil amhrasta a rinne an chuideachta, iarstiúrthóir nó stiúrthóir reatha nó rúnaí cuideachta, nó aon bhall a thabhairt le fios d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (an OSFC) agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Nuair atá cuideachta dócmhainneach, caithfidh an leachtaitheoir na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- tuairisc a sholáthar don OSFC – laistigh de 6 mhí tar éis iad a cheapadh – faoi iompar stiúrthóirí na cuideachta i gcaitheamh na tréimhse a fhaide leis an leachtú, agus
- iarraidh ar an gcúirt na stiúrthóirí a shrianadh ar feadh méid áirithe ama ó bheith bainteach i gcuideachtaí eile.

Ní féidir duine a cheapadh mar leachtaitheoir ach má shásaíonn siad ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- ball de chomhlacht cuntasaíochta iad a d'fhaomh Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ), agus tá deimhniú cleachtaidh atá cothrom le dáta acu ón gcomhlacht sin;
- aturnae cleachtaidh iad agus tá deimhniú cleachtaidh cothrom le dáta acu ó Dhlí-Chumann na hÉireann;
- ball de chomhlacht gairmiúil iad a aithníonn ÚMICÉ agus tá údarú acu gníomhú mar leachtaitheoir;
- cáilíodh iad faoi dhlíthe stáit eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíochta (an LEE) chun gníomhú mar leachtaitheoir in imeachtaí dócmhainneachta in Éirinn; nó
- bíonn taithí phraiticiúil agus eolas ábhartha acu ar chuideachta a fhoirceannadh agus tá siad údaraithe ag ÚMICÉ chun gníomhú mar leachtaitheoir.

Is cion é faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 chun gníomhú mar leachtaitheoir gan an cháilíocht chuí.

## Cén Cearta atá agam mar Fhostaí i gcás Iomarcaíocht Chomhchoiteann?

*Stádas Creidiúnaí Fhabhraigh*

Duine é creidiúnaí (ar nós fostaí) nó aonán (ar nós cuideachta) a bhfuil fiachas le híoc leo. I gcás dócmhainneachta, is féidir a áireamh le creidiúnaithe fostaithe na cuideachta (a bhféadfadh go bhfuil pá nó ranníocaíochtaí eile le híoc leo), an Stát (a bhféadfadh cánacha agus ranníocaíochtaí reachtúla eile le híoc leo), soláthraithe, agus custaiméirí (nuair a rinne siad éarlaisí nó réamhíocaíochtaí eile a íoc).

Leagtar amach in Acht na gCuideachtaí, 2014 an t-ord ina bhfuil na creidiúnaithe uile seo le híoc i gcás leachtú dócmhainneach. Cosnaítear fostaithe a n-éiríonn a bhfostóir dócmhainneach trí stádas creidiúnaí fhabhraigh a thabhairt dóibh san ord seo. Ciallaíonn seo go mbaineann níos mó tábhachta le hairgead atá le híoc leo ná a bhaineann leis na fiachais a bhíonn ag creidiúnaithe áirithe eile.

Tá stádas fabhrach ag na híocaíochtaí seo a leanas le fostaithe:

- Pá agus tuarastail a mhéid le €10,000 in aghaidh an fhostaí.
- Íocaíocht saoire,
- Cúiteamh agus díobháil mar gheall ar thimpistí gan árachas,
- Íocaíochtaí breoiteachta agus aoisliúntais,
- Éilimh ar dhífhostú éagórach,
- Éilimh ar íocaíochtaí fógra íosta,
- Íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla, agus
- Ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Tá na híocaíochtaí seo le híoc sula n-íocfar gnáthchreidiúnaithe agus creidiúnaithe neamhurraithe.

Ceist phríobháideach idir na fostaithe agus an fostóir iad aon íocaíochtaí ex-gratia a gheall fostóir a dhéanamh le fostaithe a sháraíonn a n-oibleagáidí dlíthiúla, cosúil le comhaontú comhchoiteann. Ní chinntíonn stádas creidiúnaí fhabhraigh ach go n-íoctar an méid sin a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar fhostóir a íoc. Is tábhachtach a thuiscint go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar an leachtaitheoir aon airgead a dháileadh faoi mar a fhorordaítear faoin dlí cuideachtaí.

*Iomarcaíocht Reachtúil*

Tá iomarcaíocht reachtúil atá le híoc le fostaithe á cosaint ag stádas creidiúnaí fhabhraigh. Má tá fostaí incháilithe íocaíocht iomarcaíochta a fháil tar éis iomarcaíochta mar thoradh ar an leachtú, caithfidh an leachtaitheoir é seo a íoc le fostaithe sula n-íocfar aon fhiachais eile.

I gcás nach ngineann leachtú dóthain leis na teidlíochtaí iomarcaíochta go léir a íoc le fostaithe, beidh ar an leachtaitheoir iarratas a dhéanamh ar an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta. Íocfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí iomarcaíocht reachtúil ansin go díreach leis an bhfostaí.

Ní íocfaidh an Stát ach teidlíocht iomarcaíochta reachtúla an fhostaí. Ní íocfaidh an Stát as suim atá níos mó ná an teidlíocht reachtúil a bhféadfadh go ndearnadh comhaontú air mar chuid de chomhaontú comhchoiteann. Ceist dheonach é idirbheartaíocht ar phacáistí iomarcaíochta atá níos mó ná an teidlíocht reachtúil idir an leachtaitheoir agus na hiarfhostaithe, ach amháin nuair atá an chuideachta atá i gceist sócmhainneach.

Ní féidir, de réir an dlí, leis an Rialtas an Ciste Árachais Shóisialaigh a úsáid le híocaíochtaí iomarcaíochta a fhorlíonadh nó ‘a bhreisiú’ le cloí le comhaontú comhchoiteann idir fostóir agus a bhfostaithe.

*An Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta*

Cé go gciallaíonn stádas creidiúnaí fhabhraigh gur gá teidlíochtaí fostaí a íoc sula n-íocfar gnáthchreidiúnaithe agus creidiúnaithe neamhurraithe, ní leor an méid airgid a ghintear i leachtú, amanna, chun íoc as na teidlíochtaí seo. Déanann an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta soláthar go ndéanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí íocaíocht leis an bhfostaí. Cosnaíonn an Scéim iarfhostaithe cuideachtaí a d'éirigh dócmhainneach go dlíthiúil nuair nach bhfuil dóthain airgid ann le híoc as teidlíochtaí.

Is féidir le fostaí éileamh a dhéanamh, trí ionadaí an fhostóra, cosúil leis an leachtaitheoir nó an glacadóir oifigiúil, go n-íocfar a dteidlíochtaí faoin Scéim. I measc na bhfiachas nár íocadh a íoctar, tá:

- Riaráistí pá agus pá breoiteachta
- Pá saoire nár íocadh
- Fógra íosta reachtúil nár íocadh
- Riaráistí áirithe ranníocaíochtaí pinsin
- Dámhachtainí éagsúla reachtúla a dhéanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO).

Faoin scéim seo, déantar íocaíocht leis an leachtaitheoir chun gur féidir asbhaintí cánach cuí (más infheidhme) a dhéanamh sula n-íocfar na híocaíochtaí cearta leis an iarfhostaí.

Tá eolas breise ar an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta ar fáil ar an láithreán gréasáin Gov.ie.

*An Ceart chun Eolas a fháil i gcás Leachtú*

Tá cearta ag fostaí, mar chreidiúnaí, eolas áirithe a fháil i rith leachtú.

Nuair a rinne cúirt ordú foirceanta nó nuair a cheap siad leachtaitheoir sealadach, caithfear ráiteas ar ghnóthaí na cuideachta a dhéanamh agus a chomhdú leis an gcúirt laistigh de 21 lá. Tugtar cuntas sa ráiteas seo ar staid airgeadais na cuideachta agus tugtar sonraí ann faoi shócmhainní, fiachais, agus dliteanais na cuideachta, i measc rudaí eile. Tá fostaithe, mar chreidiúnaithe na cuideachta, i dteideal cóip den ráiteas seo a iniúchadh agus a fháil.

Is féidir le fostaithe iarratas a dhéanamh ar an gcúirt freisin ar chinntiúchán ar aon cheist a eascraíonn as an dócmhainneacht agus as cuideachta a fhoirceannadh. Is féidir leo iarratas a dhéanamh freisin le cúirt lena go ndéantar cigireacht ar thaifid chuntasaíochta, leabhair agus páipéir na cuideachta.

Nuair nach gcuirtear foirceannadh cuideachta i gcrích laistigh de 12 mhí tar éis dháta a thosaithe, caithfidh an leachtaitheoir tuarascáil eatramhach a sholáthar agus nuashonruithe a sholáthar ar dhul chun cinn an leachtaithe. Caithfear na tuarascálacha seo (Foirm E4) a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (an OCC) agus bíonn siad ar fáil ar láithreán gréasáin an OCC, www.cro.ie.

*Cumhachtaí chun Idirghabháil a dhéanamh i Leachtú*

Tá forálacha in Acht na gCuideachtaí, 2014 is féidir le leachtaitheoir nó creidiúnaí cuideachta dócmhainní (fostaí san áireamh) a úsáid i gcásanna cuí. Tá na roghanna seo anuas ar chosaintí eile atá ar fáil faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta.

**Is éard a bhaineann leis na cosaintí seo dul i mbun caingean dlí (nó dlíthíocht) agus, ar an ábhar sin, ba cheart do chreidiúnaí comhairle dlí neamhspleách a lorg sula ndéanfar cinneadh ar cibé acu dtabharfar nó nach dtabharfar faoi aon cheann de na gníomhartha seo a leanas:**

- Ar iarratas an leachtaitheora nó aon chreidiúnaí nó aon ranníocóra, is féidir leis an gcúirt cuideachta bhainteach a chur faoi dhliteanas íoc as fiachais chuideachta atá á foirceannadh faoi chúinsí ina raibh baint ag an gcuideachta bhainteach sa chuideachta dhócmhainneach a bhainistiú nó i mí-iompar eile. Ciallaíonn seo gur féidir an chuideachta bhainteach a ordú ranníoc le fiachais na cuideachta dócmhainní chun toradh níos cothroime a sholáthar do chreidiúnaithe.
- Tá srian ar chumhachtaí rialaitheoirí na cuideachta a sócmhainní a dhiúscairt sula ndéanfar é a fhoirceannadh. Beartaítear go ndéileálann seo le cásanna ina n-íocann cuideachta creidiúnaí ar leith sa tréimhse sula ndéantar é a fhoirceannadh chun go gcaithfear leis an gcreidiúnaí seo níos fabhraí ná mar a chaitear le creidiúnaithe eile agus go dtugtar tosaíocht mhíchothrom dóibh, dá bharr.

  Tá idirbheart atá ina thosaíocht mhíchothrom a dhéantar laistigh de 6 mhí tar éis go ndearnadh an chuideachta a fhoirceannadh neamhbhailí. De bhreis air sin, má dhéantar an t-idirbheart fabhrach i bhfabhar duine bainteach, tá sé neamhbhailí nuair a dhéantar é laistigh de 2 bhliain tar éis gur cuireadh tú leis an bhfoirceannadh. Sainítear in Acht na gCuideachtaí go n-áirítear le "duine bainteach" céile, páirtnéir sibhialta nó gaolta le stiúrthóir, ar nós deartháireacha nó deirfiúracha nó linbh.
- Nuair is féidir leis an leachtaitheoir a dheimhniú go ndearna an t-aistriú sócmhainní calaois ar na creidiúnaithe, an chuideachta nó a baill, is féidir leis an gcúirt a ordú go dtugtar na sócmhainní siúd ar ais a rinneadh a aistriú go míchuí. Is féidir leis an leachtaitheoir, glacadóir réadmhaoin na cuideachta nó aon chreidiúnaí nó ranníocóir iarratas a dhéanamh leis an gcúirt nuair a mheasann siad go raibh oifigeach na cuideachta nó duine eile ina p(h)áirtí le tabhairt faoin ngnó ar bhealach meargánta. Bíonn an chumhacht ag an gcúirt a dhearbhú go mbeidh oibleagáid phearsanta ar an duine sin na fiachais seo a íoc. Is ionann "ranníocóir" agus téarma teicniúil a shainítear in Acht na gCuideachtaí a chiallaíonn aon duine a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu ranníoc le sócmhainní na cuideachta i gcás foirceanta.

- Is féidir leis an OSFC, an leachtaitheoir nó aon chreidiúnaí (fostaí san áireamh) iarratas a dhéanamh leis an gcúirt ina lorgaítear go scrúdaíonn an chúirt iompar an tionscnóra, an oifigigh, an leachtaitheora, an scrúdaitheora nó an ghlacadóra.

  Nuair a bhíonn duine ciontach in aon éagóir, is féidir leis an gcúirt a ordú go ndéanfaidh an duine sin:

  a) an t-airgead nó aon chuid de, faoi seach, le hús ar an ráta sin a mheasann an chúirt is cóir a aisíoc nó a thabhairt ar ais, nó
  b) an tsuim sin a ranníoc le sócmhainní na cuideachta trí chúiteamh maidir le míleithreasú, áirithíocht, míghníomh nó sárú eile ar dhualgas nó ar iontaoibh a mheasann an chúirt is cóir.

- Tá an chumhacht ag an gcúirt freisin measúnú a dhéanamh ar dhamáistí in aghaidh stiúrthóir chuideachta sealbhaíochta na cuideachta nuair a bhí siad ciontach in éagóir maidir le sócmhainní nó gnóthaí aon fhochuideachta.

## 4. Achoimre

Tá réimse cosaintí ann d'fhostaí a dhéantar iomarcach. Tá na tacaíochtaí agus cosaintí seo ar fáil i limistéir dlí fostaíochta agus an dlí cuideachtaí. Áirítear leo cearta dlíthiúla faoin Acht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 agus an Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, agus tacaíonn réitigh agus tacaíocht airgeadais leo a sholáthraíonn an Stát i gcásanna dócmhainneachta. Tá cearta rochtana ann freisin ar eolas ardchaighdeáin, agus ar chumhachtaí le sócmhainní a aisghabháil ó chuideachta atá bainteach le cuideachta dhócmhainneach nuair a rinneadh éagóir.

Is fearr a bheidh fostaí atá ar an eolas ar a chearta nó a cearta in ann úsáid phraiticiúil a bhaint as na cosaintí luachmhara seo.

Tá forbairt an lámhleabhair eolais seo mar chuid de thionscadal níos mó atá ar siúl sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun barr feabhais a chur ar na cosaintí a sholáthraítear d'fhostaithe i gcásanna iomarcaíochta comhchoitinne. Mar chuid den tionscadal seo, beartaítear roinnt athruithe reachtaíochta a dhéanamh chun cearta oibrithe a chosaint níos mó. Tá eolas ar na tograí reachtaíochta seo ar fáil sa cháipéis '*Plean Gníomhaíochta - Iomarcaíochtaí Comhchoiteanna tar éis Dócmhainneachta*' ar féidir teacht air ar an láithreán gréasáin Gov.ie. Nuashonrófar an lámhleabhar eolais seo de réir mar a thabharfar na hathruithe seo ar an reachtaíocht reatha isteach.